Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13260/20**

**AUDIO 49**
**DIGIT 133**
**SOC 747**
**DISINFO 41**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12814/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint a d'fhormheas an Chomhairle tríd an nós imeachta i scríbhinn.

Cuirfear na conclúidí seo ar aghaidh lena bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 18 Samhain 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag meabhrú di na tagairtí mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn

**AG MEABHRÚ DI AN COMHTHÉACS BEARTAIS ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR INA nDÉANTAR AN MÉID SEO A LEANAS**

– go háirithe le linn géarchéime, tá sé ríthábhachtach go mbeadh **córas meán inbhuanaithe (A), iolraíoch (B) agus iontaofa (C)** ann;

– tá paindéim COVID-19 tar éis leochaileacht earnáil na meán san Aontas a ghéarú, earnáil ar a bhfuil cliseadh a príomhfhoinsí ioncaim fógraíochta ag cur isteach a fhad is atá, ag an am céanna, an t-éileamh ar fhaisnéis agus inneachar iontaofa tar éis méadú go mór;

– tá timpeallacht meán cruthaithe ag an domhandú agus ag an digiteáil arb iad is saintréith di ardáin ar líne arb iad is príomhthréithe dóibh gurb iad na tairseacha trína bhfaigheann lucht féachana domhanda rochtain trasteorann ar raidhse inneachar agus seirbhísí meán, agus iad in iomaíocht lena chéile le haird theoranta na n-úsáideoirí a tharraingt orthu féin;

## A. INBHUANAITHEACHT

### ADMHAÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

1. d'éirigh roinnt de na príomhdhúshláin atá os comhair earnáil na meán le tamall fada anuas níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

   – laghdú mór ar ioncam, go háirithe i measc foinsí meán áitiúla, réigiúnacha agus traidisiúnta agus na dúshláin mhéadaitheacha maidir le hinbhuanaitheacht fhoriomlán earnáil na meán. Is earnáil í seo atá comhdhéanta den chuid is mó de chuideachtaí ar léiriú iad ar éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa, ach is minic nach mbíonn an méid ná an tábhacht airgeadais iontu chun oibriú i margaí uile-Eorpacha agus domhanda;

   – tá na samhlacha gnó sonraíbhunaithe a úsáideann ardáin ar líne (i.e. innill chun ábhar a mholadh, pearsanú inneachair agus gach cineál fógraíochta spriocdhírithe) ag dul chun tosaigh ar shamhlacha maoinithe na meán, agus an cás sin ag éirí níos coitianta. Meastar go rachaidh an caiteachas ar fhógraíocht dhigiteach ar ardáin os cionn an chaiteachais ar fhógraíocht ar na meáin thraidisiúnta go luath sa tréimhse amach anseo;

2. déanann soláthraithe seirbhíse meán infheistíocht i gcruthú inneachair agus tá siad faoi réir freagrachtaí diana, ach is minic a chuireann ardáin ar líne luach airgid ar inneachar tríú páirtí ar a dtugann siad rochtain gan na hoibleagáidí céanna a bheith orthu. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le heaspa chothrom na Féinne a d'fhéadfadh buntáistí iomaíocha a thabhairt do ghníomhaithe margaidh áirithe;

3. is gá a mheabhrú a thábhachtaí atá na príomhphrionsabail maidir le hábhar sna meáin a mhaoiniú, ar prionsabail iad atá mar bhonn agus mar thaca leis an slabhra luacha iomlán agus lena gcosnaítear iolrachas na meán. Mar shampla is minic a bhíonn leithdháileadh críochach eisiach na gceart ceadúnúcháin ríthábhachtach d'earnáil na meán closamhairc. Tá sé an-tábhachtach freisin samhlacha nua nuálacha gnó a cheapadh;

4. déanfar leas airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta atá i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe luachanna an Aontais faoi Airteagal 2 CAE;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

5. creat leordhóthanach neamhspleách a chur ar fáil d'inbhuanaitheacht eacnamaíoch thírdhreach na meán náisiúnta, lena n-áirítear státchabhair, chun tacú le téarnamh ón ngéarchéim agus, ar an gcaoi sin, córas iolraíoch meán a áirithiú san fhadtéarma. Ba cheart aon chistiú stáit nó aon fhóirdheonú a bheith bunaithe ar chritéir réamhchinntithe oibiachtúla thrédhearcacha, agus iad neamhspleách ar aon tionchar polaitiúil;

6. scrúdú a dhéanamh ar roghanna agus ar dhreasachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta chun tacaíocht bhreise a éascú do théarnamh earnáil na meán;

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

7. éifeachtaí diúltacha na paindéime ar earnáil na meán a mhaolú (go háirithe maidir le hiolrachas sna meáin) trí iarrachtaí náisiúnta státchabhrach a chomhlánú, agus trí shineirgí éifeachtacha a chruthú idir tionscnaimh Eorpacha lena n-áirítear CAI, ionstraim théarnaimh 'Next Generation EU', agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais de réir mar is iomchuí;

8. geallsealbhóirí a chur ar an eolas faoi dheiseanna maoiniúcháin ábhartha Aontais don earnáil chruthaitheach agus meán trí thairseach uile-Aontais ar líne;

9. meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar rialacha maidir le státchabhair agus cur chun feidhme ceart rialacha an Aontais is infheidhme maidir le státchabhair in earnáil na meán a áirithiú;

10. chun tacaíocht ó na húdaráis náisiúnta a éascú, meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le státchabhair d'earnáil an phreasa, d'fhonn oiriúnuithe oiriúnacha a dhéanamh, mar shampla sa Rialachán Blocdhíolúine. Níor cheart do na rialacha sin, ar chúinse ar bith, aon chur isteach díreach nó indíreach ón stát ar neamhspleáchas eagarthóireachta na meán a cheadú ná a fhírinniú;

11. athléimneacht earnáil na meán a neartú, rud a rinne an ghéarchéim difear di, a dul in oiriúint a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar an gclaochlú digiteach agus glas, agus an fháil atá ar inneachar ilghnéitheach agus neamhspleách meán i dtimpeallacht chóir iomaíoch meán a chothú tríd an bPlean Gníomhaíochta Meán agus Closamhairc;

12. beachtú a dhéanamh ar na dualgais atá ar ardáin ar líne de réir an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Ba cheart aon oibleagáidí sonracha nua maidir le hardáin ar líne a bheith leordhóthanach agus comhréireach agus aird chuí a thabhairt ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cothrom na Féinne agus ar iolrachas na meán a chosaint. Ba cheart go mbeadh gníomhartha dlíthiúla cothrománacha nua de chuid an Aontais ag teacht le hionstraimí dlí earnáilsonracha atá i bhfeidhm cheana féin, amhail Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus an Treoir maidir le Cóipcheart;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT ACU AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

13. creat dlíthiúil agus eacnamaíoch a áirithiú a chuireann ar chumas soláthraithe seirbhíse meán luach airgid leordhóthanach a chur ar a n-inneachar trí

- thacú le ceapadh samhlacha nua, inbhuanaithe agus comhoibríocha gnó agus iad a spreagadh, go háirithe d'fhoinsí áitiúla, réigiúnacha agus traidisiúnta meán;
- a thábhachtaí atá fógraíocht d'earnáil na meán agus an ról ríthábhachtach atá aici chun a áirithiú go mbeidh saor-rochtain ag úsáideoirí ar fhaisnéis a admháil;
- meastóireacht a dhéanamh ar rialáil fógraíochta agus ar bhearta gaolmhara cosanta sonraí sa ré dhigiteach lena áirithiú go n-éascaíonn siad maoiniú inneachair meán;
- taighde a dhéanamh ar róil na fógraíochta ar líne, ar úsáid sonraí, ar chomhoibriú i dtaca le nuálaíocht sonraí agus meán;
- dreasachtaí a thabhairt d'ardáin luach saothair imleor a thabhairt do sholáthraithe agus d'údair inneachair meán as an luach airgid a chuir na hardáin ar an inneachar, agus lena áirithiú go n-urramaíonn siad cearta maoine;
- measúnú a dhéanamh ar an ngá le rochtain ar dheiseanna maoiniúcháin a éascú d'fhoinsí meán chun teacht i dtír ar easnaimh leachtachta agus ar na bealaí lena bhféadfaí sin a dhéanamh;

**B. IOLRACHAS**

**ADMHAÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS**

14. is faoi inniúlachtaí Bhallstáit an Aontais go príomha a dhéantar iolrachas na meán a choimirciú, agus ba cheart d'institiúidí an Aontais saoirse agus iolrachas na meán a urramú freisin laistigh d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí faoi seach. Is léiriú tábhachtach ar éagsúlacht chultúrtha na mBallstát í éagsúlacht thírdhreacha na meán náisiúnta ar fud na hEorpa agus ní mór í a aithint amhlaidh;

15. is luachanna daonlathacha de chuid an Aontais Eorpaigh iad saoirse tuairimí a nochtadh, saoirse na meán agus iolrachas na meán, mar a leagtar amach in Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad. Tá a gcosaint i measc na gcuspóirí uileghabhálacha a bhaineann le rialáil na meán. Tá siad ríthábhachtach le go mbeidh daonlathas bríomhar ann ina seasfar leis na prionsabail sin agus leis na cearta bunúsacha sin;

16. tá go leor gnéithe ag baint le coincheap iolrachas na meán agus cuimsíonn sé na bearta uile a áirithíonn rochtain ar éagsúlacht foinsí faisnéise agus inneachair agus a cheadaíonn deis chomhionann do ghníomhaithe ilghnéitheacha a bhfuil tuairimí éagsúla acu teacht ar an bpobal trí na meáin;

17. tá sé thar a bheith ábhartha do sholáthraithe inneachair na meán an bhearna a laghdú idir céard atá á lorg ag úsáideoirí ar líne agus an t-inneachar atá le fáil. Dá bhrí sin, tá tuiscint dhomhain ar bhainistíocht faisnéise, ar innéacsú innill chuardaigh agus ar mheaitseáil eochairfhocail i measc na dtacar scileanna ríthábhachtacha do sholáthraithe inneachair meán ar líne;

**CUIREANN SÍ I dTREIS AN MÉID A LEANAS**

18. mairimid i gcóras hibrideach na meán (as líne agus ar líne) ina gcuireann gach cineál seirbhíse meán agus gach cineál inneachair le tírdhreach iolraíoch na meán. Maidir le faisnéis, nuacht agus cúrsaí reatha chomh maith le hinneachar cultúrtha, áitiúil, réigiúnach, oideachasúil agus siamsúil, cuireann siad in iúl agus léiríonn siad luachanna ár tsochaí;

19. tá córas démheáin ina bhfuil na meáin seirbhíse poiblí agus foinsí príobháideacha na meán atá cobhsaí, maoinithe go leordhóthanach agus dírithe ar an todhchaí deartha go maith chun cur le hiolrachas na meán. Ina theannta sin, cuireann méid níos mó inneachair ar líne ó úsáideoirí freisin le héagsúlacht an inneachair in éiceachóras na meán ar líne, ach is gá idirdhealú a dhéanamh ó inneachar eagarthóireachta na meán;

20. i ngeilleagar an ardáin, cuireann éifeachtaí láidre gréasáin le foirmeacha nua de chomhchruinniú margaidh agus is féidir treochtaí monaplachta a bhreathnú, a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar iolrachas na meán. Tá iar-shaincheisteanna maidir le hacmhainneachtaí tarchurtha teoranta á bhforlíonadh anois le saincheisteanna maidir le trédhearcacht, neamh-idirdhealú, inaimsitheacht agus infhionntacht;

**AONTAÍONN SÍ LEIS AN MÉID SEO A LEANAS**

21. mar gheall ar fhorbairtí digiteacha agus ar chóineasú na meán, tá tírdhreach na meán ag éirí níos casta agus ní mór na huirlisí chun iolrachas na meán a áirithiú a athbhreithniú agus a athshainiú ar bhonn leanúnach. Sa chomhthéacs reatha, ba cheart go mbreathnófar ar na saincheisteanna tábhachtacha seo a leanas i mbeartas na meán a bheidh ann amach anseo;

INROCHTAINEACHT AGUS NEAMH-IDIRDHEALÚ

– conas láithreacht (infhaighteacht) agus éascaíocht úsáide (inrochtaineacht) inneachair éagsúla ar líne a áirithiú;

– rialacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le hardáin ar líne a bhfuil ról mar mhaor geata acu maidir le rochtain agus cóir chomhionann do sholáthraithe inneachair na meán;

TRÉDHEARCACHT AGUS UATHRIAIL ÚSÁIDEOIRÍ

– rialacháin trédhearcachta le haghaidh ardáin ar líne as a dtagann nochtadh na gcritéar lárnach maidir le comhiomlánú, roghnú agus cur i láthair inneachar na meán agus a n-ualú, lena n-áirítear faisnéis maidir le feidhmiú na n-algartam a úsáidtear, agus rúin trádála á n-urramú, sláine na seirbhísí a chosaint agus an rialachán atá ann cheana amhail Rialachán P2B agus RGCS á chur san áireamh;

– faisnéis a nochtadh i dteanga atá simplí, gonta agus intuigthe d'úsáideoirí, le go mbeidh siad in ann cinntí eolasacha a dhéanamh;

– ba cheart tairiscintí d'inneachar pearsantaithe a bheith bunaithe ar chritéir arna soláthar go deonach agus/nó arna roghnú ag an úsáideoir chun uathriail na n-úsáideoirí a fheabhsú;

INAIMSITHEACHT AGUS INFHIONNTACHT

– algartaim a dhéanann difear do na torthaí atá á lorg go gníomhach ag úsáideoirí (inaimsitheacht) agus inneachar na meán a nochtar d'úsáideoirí go héighníomhach (infhionntacht), chomh maith lena dtionchar ar thomhaltas meán an úsáideora;

– bearta amhail rialacha riachtanacha atá dírithe ar an iolrachas (inaimsitheacht agus infhionntacht fheabhsaithe) le haghaidh gníomhaithe a thugann rochtain ar inneachar na meán agus a eagraíonn é, agus teicneolaíochtaí nua amhail glórchúntóirí á gcur san áireamh;

– aon chritéir chun feabhas a chur ar inaimsitheacht agus ar infhionntacht i dtaca le tairiscintí na meán, ba cheart go mbeidís i bhfabhar iolrachas agus éagsúlacht chultúrtha, agus níor cheart go mbeidís bainteach leis an inneachar féin;

– cineálacha cur chuige chun measúnú a dhéanamh ar mhargaí ábhartha agus ar chomhchruinniú mhargadh na meán i bhfianaise chóineasú, domhandú agus digiteáil na meán, agus a thábhachtaí atá sé go mbeadh fáil ar shonraí maidir le sciar den mhargadh de chuid gníomhaithe na meán á gcur san áireamh;

– i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme maidir le cosaint sonraí, rochtain chothrom do chruthaitheoirí inneachair, d'fhoinsí na meán agus do rialtóirí ar shonraí ábhartha arna mbailiú ag gníomhaithe ceannasacha margaidh, chun cur ar a gcumas aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an lucht féachana agus ar na grúpaí fógraíochta ábhartha;

– maidir le dlí na hiomaíochta, an comhar a chumasú idir soláthraithe seirbhíse na meán – idir phoiblí agus phríobháideach – chun comhghuaillíochtaí a chruthú chun inneachar leasa ghinearálta na meán a tháirgeadh agus a dháileadh go rathúil gan a bheith ag brath ar ardáin mhóra, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar iolrachas na meán á chur san áireamh ag an am céanna;

**TUGANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS DÁ hAIRE**

22. tá forluí téamach méadaitheach in obair na Meithle um an Earnáil Chlosamhairc le hobair meithleacha eile agus gá le malartú leordhóthanach a áirithiú leo siúd a bhíonn ag plé le saincheisteanna a bhaineann leis na meáin. Ina theannta sin, is iomchuí ainm na Meithle um an Earnáil Chlosamhairc a oiriúnú chun na hathruithe a eascraíonn as cóineasú na meán a léiriú;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

23. tuilleadh meastóireachta agus forbartha ar bhearta náisiúnta chun iolrachas na meán a mheas lena áirithiú go nochtar inneachar éagsúil d'úsáideoirí agus gur féidir leo leas iomlán a bhaint as a saoirse chun tuairimí a nochtadh agus as a gceart chun faisnéise;

24. aird chuí a thabhairt ar thorthaí na gConclúidí seo ón gComhairle sa rialachán náisiúnta maidir leis na meáin agus sna bearta beartais atá le teacht chun iolrachas na meán a chosaint go leordhóthanach;

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

25. leanúint le taighde agus tuilleadh forbartha a dhéanamh chun na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'iolrachas na meán a shainaithint agus tuilleadh tuisceana a fháil ar staid athraitheacha na meán eagarthóireachta i ndáil leis na meáin shóisialta, le hinnill chuardaigh, le hardáin comhroinnte físeán agus le hardáin eile na meán; ba cheart coincheapa na heolaíochta faisnéise a chur san áireamh go sainráite;

26. inniúlacht na mBallstát bearta a ghlacadh chun spriocanna sóisialta, cultúrtha agus daonlathacha a bhaint amach a chur san áireamh, bunaithe ar a n-éagsúlacht teanga, ar shainiúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha agus ar an leas atá acu rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar inneachar éagsúil a choimeád ar bun;

27. peirspictíocht iomlánaíoch beartais a chothú, agus athróga dlíthiúla, polaitiúla agus eacnamaíocha á gcur san áireamh atá ábhartha maidir le hiolrachas na meán agus saoirse na meán a chosaint agus a bheith feasach go háirithe ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag tionscnaimh rialála nach meastar go traidisiúnta mar rialáil ar na meáin ach a bhfuil tionchar mór acu ar iolrachas na meán; cur chuige iomlánaíoch a fhorbairt ag tosú leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, an Plean Gníomhaíochta Meán agus Closamhairc agus pacáiste an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha;

28. comhleanúnachas cothrománach sa chreat rialála a neartú, trí iolrachas na meán a chur san áireamh go sainráite agus go struchtúrach sa phróiseas reachtach le linn an mheasúnaithe tionchair ar thionscnaimh rialála;

29. "Fóram Eorpach na Meán" a bhunú chun saincheisteanna reatha maidir le beartas na meán a phlé i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha uile ar bhonn bliantúil;

## C. IONTAOFACHT

### ADMHAÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

30. is bagairt í an bhréagaisnéis ar phróisis dhaonlathacha, ar shláinte phoiblí agus ar shochaithe agus féadfaidh sí fuathchaint agus gríosú chun foréigin ar líne agus as líne a chothú, chomh maith leis an mbonn a bhaint den mhuinín as struchtúir agus as próisis stáit dhaonlathaigh atá ríthábhachtach chun saoirse an phreasa agus na meán a ráthú;

31. tá sé ríthábhachtach córas iontaofa do na meáin a chosaint, mar a léiríodh le linn ghéarchéim COVID-19, chun a áirithiú go mbeidh na saoránaigh uile in ann páirt a ghlacadh sa díospóireacht dhaonlathach trí chinnteoireacht eolasach, saor ó thionchar polaitiúil nach bhfuil bunús leis, ón mbrú a bhaineann le beartais tríú páirtí, ó chur isteach ionramhálach agus ó éifeachtaí na bréagaisnéise;

32. tá soláthraithe seirbhíse meán eagarthóireachta in iomaíocht le táirgeoirí inneachair eile nach n-urramaíonn na caighdeáin eagarthóireachta chéanna go minic ó thaobh aird úsáideoirí a tharraingt ar a n-ardáin féin. Úsáidtear inneachar gáifeach gríosaitheach go minic chun rátaí rannpháirteachais agus ioncam fógraíochta a mhéadú a oiread is féidir;

### CUIREANN SÍ I dTREIS AN MÉID A LEANAS

33. Ciallaíonn cosaint ar iolrachas na meán freisin saoirse a áirithiú d'úsáideoirí chun páirt a ghlacadh in inneachar meán ar líne gan eagla a bheith orthu go ndéanfaí ciapadh orthu agus gan baol ciaptha a bheith ann trí na croíluachanna bunúsacha a bhaineann le córas meán saor a chosaint, lena n-áirítear cosaint na saoirse tuairimí a nochtadh, cosaint ar fhoréigean agus ar fhuath, cosaint ar dhínit an duine, cosaint ar mhionaoisigh agus cosaint ar thomhaltóirí;

34. tá méadú ag teacht ar an méid inneachair a scaiptear ar de thionscnamh tíortha Eorpacha nó neamh-Eorpacha é, ar a n-áirítear, níos mó ná riamh, inneachar a sháraíonn croíluachanna bunúsacha na gcóras meán Eorpach agus náisiúnta;

35. tá tionchar níos mó ná riamh á imirt ag roinnt ardán ar líne, ar de bhunadh tíortha neamh-Eorpacha iad, ar rochtain a bheith ag úsáideoirí ar fud an Aontais ar inneachar meán;

**AONTAÍONN SÍ LEIS AN MÉID SEO A LEANAS**

36. is deacair an dlí a fhorfheidhmiú go héifeachtach toisc gur minic na próisis forfheidhmithe dlí trasteorann atá ann faoi láthair a bheith casta, fadtéarmach, mí-éifeachtach agus nach dtugtar cosaint leordhóthanach ar an bpobal leo. Ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta dianiarracht a dhéanamh teacht ar rialacha comhchoiteanna agus nósanna imeachta a bheadh níos éifeachtaí le haghaidh inneachar a bhfuil rochtain air ar líne agus a dháiltear thar theorainneacha náisiúnta;

37. is minic a dhéanann na príomhardáin a ghníomhaíonn mar mhaoir gheataí rialú 'tánaisteach' ar inneachar a chomhlíonann caighdeáin eagarthóireachta agus na forálacha dlí is infheidhme cheana;

38. is den ríthábhacht idirdhealú a dhéanamh ar na léirithe éagsúla ar inneachar bréagach míthreorach agus gnáthmhodhanna scaipthe na bréagaisnéise a shainaithint (e.g. trí iompar neamhbharántúil comhordaithe) chun teacht ar fhreagraí iomchuí aonair;

39. ag féachaint do thábhacht na saoirse cainte, ba cheart do stáit agus d'údaráis rialála riaracháin chomh maith le soláthraithe ardáin príobháideacha staonadh ó inneachar ardcháilíochta nó iontaofacht inneachar a shainaithint astu féin. Níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar ardáin teachtaireachtaí agus fógraí poiblí a chur chun cinn i gcásanna géarchéime nó éigeandála;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

40. litearthacht sna meáin a chur chun cinn mar a luaitear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin i ndomhan atá ag síorathrú agus go háirithe tacú le gníomhaíochtaí náisiúnta maidir le litearthacht sna meáin lena ndéantar an bhréagaisnéis a chomhrac, lena neartaítear athléimneacht an lucht féachana agus lena ndírítear ar shaoránaigh sna haoisghrúpaí uile;

41. a n-údaráis rialála náisiúnta a spreagadh le comhoibriú le húdaráis rialála náisiúnta eile, go háirithe laistigh de Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA) agus meastóireacht a dhéanamh ar rialacha náisiúnta maidir leis an gcomhar dlíthiúil agus riaracháin agus ar oiriúnacht inniúlachtaí na n-údarás meán neamhspleách náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhigiteacha agus chun na rialacháin atá ann cheana a fhorfheidhmiú;

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

42. bearta iomchuí a dhéanamh bunaithe ar mheasúnuithe a rinneadh roimhe seo ar chur chun feidhme an Chóid Cleachtais maidir le bréagaisnéis agus i gcomhréir le prionsabal uileghabhálach na saoirse cainte chun bearnaí atá ann cheana a shainaithint agus ionas nach ndéanfar díobháil don phobal trí aghaidh a thabhairt ar na teicnící ionramhála maidir le scaipeadh na bréagaisnéise *inter alia* faoi chreat Phlean Gníomhaíochta an Daonlathais Eorpaigh a fógraíodh;

43. rialú na meán san Eoraip a neartú maidir leis na dúshláin dhigiteacha nua agus béim á leagan ar dháileadh trasteorann inneachair trí bharrfheabhas a chur ar nósanna imeachta agus ar fheidhmiú phrionsabal na tíre tionscnaimh chun a áirithiú go mbeifear in ann úsáideoirí na meán, tomhaltóirí agus mionaoisigh a chosaint go héifeachtach;

44. infhorfheidhmitheacht éifeachtach na rialacha atá ann cheana i gcásanna trasteorann a neartú, tacú leis an Meabhrán Tuisceana maidir le rialacha simplithe nós imeachta le haghaidh infhorfheidhmitheacht trasteorann dlí arna ullmhú ag an húdaráis náisiúnta rialála laistigh de ERGA agus tacaíocht do riaradh, cur chun feidhme agus cur i ngníomh an chomhaontaithe comhair seo a mhéadú;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT ACU AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

45. forbairt na dtáscairí struchtúracha agus nós imeachta d'iontaofacht foinsí nuachta agus meán a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, comhlíonadh na norm agus na n-eitic gairmiúil a chur chun cinn;

46. oibriú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le taighdeoirí, le hiriseoirí gairmiúla agus le saineolaithe ábhartha eile, uirlisí a fhorbairt lena sainaithnítear an bhréagaisnéis (i.e. trí bhíthin próisis seiceála fíricí) chun saoránaigh a chur ar an eolas faoi aon chúis imní maidir le hiontaofacht na faisnéise i gceist;

47. tacú le forbairt na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha (EDMO) agus iarracht á déanamh feachtais bhréagaisnéise a bhrath agus a nochtadh ar na líonraí sóisialta agus na meáin dhigiteacha éagsúla mar a leagtar amach iad i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh i gcoinne na bréagaisnéise.

---

**IARSCRÍBHINN**

**Tagairtí**

*An Chomhairle Eorpach*

- *Conclúidí a glacadh ag cruinniú urghnách an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020 (EUCO 13/20).*

Comhairle an Aontais Eorpaigh

- *Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le saoirse agus iolrachas na meán sa timpeallacht dhigiteach* (IO C 32, 4.2.2014, lch. 6).

- *Treoirlínte an Aontais maidir le cearta an duine maidir le saoirse tuairimí a nochtadh ar líne agus as líne*, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha [...] ***an*** 12 Bealtaine 2014.

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le hinneachar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú* (IO C 457, 19.12.2018, lch. 2).

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin i ndomhan atá ag síorathrú* (IO C 193, 9.6.2020, lch. 23).

an Coimisiún Eorpach

- *Iolrachas na meán i mBallstáit an Aontais Eorpaigh*, SEC(2007) 32.

- *Treoirlínte maidir le tacaíocht an Aontais do shaoirse agus do shláine na meán i dtíortha is iarrthóirí*, 2014-2020, DG Enlargement, 2014.

- *Measúnú ar an gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis - A bhfuil bainte amach agus na réimsí ar a bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur* (SWD(2020) 180 final).

- .

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 2020 Tuarascáil ar an Smacht Reachta. Staid an smacht reachta san Aontas Eorpach, [...](2020) 580 final.

An Coimisiún Eorpach/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála

- Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Tackling COVID-19 disinformation – Getting the facts right* [Bréagaisnéis faoi COVID-19 a chomhrac – An t-eolas cruinn a bheith ar fáil], JOIN(2020) 8 final.

Comhairle na hEorpa

- *Moladh CM/Rec(2018)1[1] ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le hiolrachas na meán agus trédhearcacht a n-úinéireachta.*
- *Moladh CM/Rec(2018)2 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le róil agus freagrachtaí idirghabhálaithe idirlín.*
- *Dearbhú ó Choiste na nAirí maidir le hinbhuaine airgeadais na hiriseoireachta ar ardcháilíocht sa ré dhigiteach Decl(13/02/2019)2.*
- *Moladh CM/Rec(2020)1 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le tionchar na gcóras algartamach ar chearta an duine.*

An Lárionad um Shaoirse agus Iolrachas na Meán


- *European Union competencies in respect of media pluralism and media freedom* [Inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh maidir le saoirse agus iolrachas na meán], An Lárionad um Shaoirse agus Iolrachas na Meán, 2013.
- Parcu, P. L., *New digital threats to media pluralism in the information age [Bagairtí digiteacha nua ar iolrachas sna meáin i ré na faisnéise],* RSCAS 2019/19, an Institiúid Ollscoile Eorpach.
- Stasi, M. L., *Ensuring Pluralism in Social Media Markets: Some Suggestions* [An t-iolrachas a áirithiú i margaí na meán sóisialta: Roinnt moltaí], RSCAS 2020/05; An Institiúid Ollscoile Eorpach.
- Brogi, E., Carlini, R., Nenadic, I., Parcu, P. L., de Azevedo Cunha, M. V., *Monitoring Media Pluralism in the Digital Era* [Faireachán a dhéanamh ar iolrachas sna meáin sa ré dhigiteach]. *Application of the Media Pluralism Monitor in the European Union, Albania and Turkey in the years 2018-2019* [Cur chun feidhme an mhonatóra ar iolrachas sna meáin san Aontas Eorpach, san Albáin agus sa Tuirc do na blianta 2018-2019], RSCAS, European University Institute, 2020.


Staidéir eile


- *Independent Study on Indicators for Media Pluralism in the Member States – Towards a Risk-Based Approach* [Staidéar neamhspleách ar tháscairí don iolrachas sna meáin sna Ballstáit – I dtreo cur chuige rioscabhunaithe], K. U. Leuven – ICRI, Jönköping International Business School - MMTC, Central European University - CMCS, Ernst & Young Consultancy Belgium, 2009.
- *A free and pluralistic media to sustain European democracy,* [Meáin iolracha shaora chun daonlathas na hEorpa a chothú], Grúpa Ardleibhéil um shaoirse agus iolrachas na meán, 2013.
- *Internal Media Plurality in Audiovisual Media Services in the EU: Rules & Practices*, [Iolrachas laistigh de na meáin i seirbhísí na meán closamhairc san Aontas: Rialacha & Cleachtais] (Tuarascáil ó Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc), 2018.
- *ERGA Report on disinformation: Assessment of the implementation of the Code of Practice* [Tuarascáil ó ERGA maidir le bréagaisnéis: Measúnú ar chur chun feidhme an Chóid Cleachtais], 2020.